AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.10.2021
C(2021) 7672 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 29.10.2021**

**lena bhforlíontar Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na mbuncheanglas dá dtagraítear in Airteagal 3(3), pointí (d), (e) agus (f) den Treoir sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2021) 382 final} - {SWD(2021) 302 final} - {SWD(2021) 303 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Úsáidtear lear mór píosaí trealaimh raidió gach lá, agus an dream a úsáideann iad, ní tomhaltóirí fásta agus úsáideoirí gairmiúla amháin atá ina measc, ach úsáideoirí leochaileacha freisin, amhail leanaí.

Ar thaobh amháin, tá sé curtha in iúl arís agus arís eile ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle gur gá an Chibearshlándáil a neartú san Aontas[1] – is aitheantas é sin uathu go bhfuil ag méadú ar an tábhacht atá leis an trealamh raidió nasctha, meaisíní, braiteoirí agus líonraí ar cuid d'Idirlíon na Rudaí Nithiúla iad san áireamh, agus is aitheantas freisin é maidir leis na hábhair imní slándála a bhaineann leis an trealamh sin. Is éard atá i gcreat an Aontais roinnt píosaí reachtaíochta[2] faoina gcumhdaítear gnéithe a bhaineann leis an gcibearshlándáil. Agus gníomhaithe/páirtithe leasmhara éagsúla ag tabhairt aghaidh ar cheisteanna áirithe cibearshlándála, is féidir go mbeadh oibleagáidí sonracha orthu maidir le rannchuidiú le slándáil an éiceachórais ina iomláine a áirithiú. Mar shampla, oibreoirí líonra agus soláthraithe seirbhíse, ba cheart dóibhsean a áirithiú gur slán dá gcuid gcóras agus ardán, ba cheart do mhonaróirí trealaimh a áirithiú go gcuirtear prionsabail slándála san áireamh agus an trealamh sin á dhearadh, ba cheart d'úsáideoirí a bheith ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le hoibríochtaí áirithe a dhéanamh, sin agus faoin ngá atá leis na nuashonruithe riachtanacha a dhéanamh ar an trealamh a úsáideann siad, agus féadfaidh na Ballstáit tosaíochtaí a leagan síos. Cibearshlándáil gach comhpháirte den éiceachóras a áirithiú, sin é an t-aon bhealach le cibearshlándáil an éiceachórais ina iomláine a áirithiú.

Ar an taobh eile, i mí na Nollag 2016, rinne Comhairle Tomhaltóirí na hIorua measúnú ar na gnéithe teicniúla a bhaineann le bréagáin raidió-nasctha roghnaithe[3]. Ba léiriú iad na torthaí a fuarthas go mb'fhéidir go raibh easpa cosanta ann maidir le cearta leanaí chun príobháideachais, chun cosaint a gcuid sonraí pearsanta, agus chun slándála. Callairí, micreafóin agus braiteoirí comhtháite eile, is nithe iad sin a fhágann gur bréagáin 'chliste' atá sna bréagáin idirnasctha, agus gur féidir leo ciall a bhaint as caint, mar shampla, rud a chuireann ar a gcumas idirghníomhú leis an leanbh. Ina theannta sin, ní grianghraif, físeáin,

---

[1] Conclúidí ón gComhairle maidir le tábhacht 5G do gheilleagar na hEorpa agus an gá atá ann rioscaí slándála a bhaineann le 5G a mhaolú, https://www.consilium.europa.eu/media/41595/st14517-en19.pdf
Conclúidí ón gComhairle maidir le tábhacht 5G do gheilleagar na hEorpa agus an gá atá ann rioscaí slándála a bhaineann le 5G a mhaolú
https://www.europarl.europa.eu/legislative-train/api/stages/report/current/theme/connected-digital-single-market/file/cyber-security-package
https://www.forbrukerradet.no/siste-nytt/connected-toys-violate-consumer-laws/
http://www.beuc.eu/publications/beuc-x-2018-017_cybersecurity_for_connected_products.pdf

[2] Is iad seo go háirithe na píosaí reachtaíochta atá i gceist: (i) an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679, (ii) Treoir 2002/58/CE maidir leis an bpríobháideachas agus leis an gcumarsáid leictreonach (an Treoir maidir leis an Ríomhphríobháideachas), (iii) Rialachán (AE) 2019/881, an 'Gníomh um Chibearshlándáil', (iv) Treoir (AE) 2019/713 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac, 'an Treoir maidir le híocaíocht neamhairgid', (v) Treoir 2013/40/AE maidir le hionsaithe ar chórais faisnéise (an 'Treoir maidir le cibirionsaithe'), (vi) Treoir (AE) 2016/1148 maidir le slándáil córas gréasáin agus faisnéise (Treoir NIS) agus (vii) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (Rialachán eIDAS).

[3] https://www.forbrukerradet.no/siste-nytt/connected-toys-violate-consumer-laws/

sonraí geologánaithe agus sonraí a bhaineann leis an eispéireas súgartha amháin is féidir a thaifeadadh leo, ach an ráta croí, nósanna codlata agus sonraí bithmhéadracha eile freisin. Léiríonn an tuarascáil freisin gur féidir le cuid de na bréagáin seo fógraíocht a dhéanamh faoi tháirgí agus iad ag idirghníomhú leis an leanbh, agus is féidir gur sárú a bheadh ansin ar an trédhearcacht a mbeifí ag súil leis i gcás táirgí den chineál seo. Ar an ábhar sin, is rud é toradh an mheasúnaithe a thug ar chomhlachais tomhaltóirí Eorpacha[4] a iarraidh go ndéanfaí gníomh.

Níl sna bréagáin ach cuid amháin d'earnáil níos forleithne a bhfuil rioscaí den chineál sin ag baint léi. Bréagáin a chumhdaítear faoi raon feidhme Threoir 2009/48/CE, sa Treoir chéanna leagtar ceanglais sábháilteachta amach a chaithfidh na bréagáin sin a chomhlíonadh sular féidir iad a chur ar an margadh san Aontas. Mar sin féin, i measc na gceanglas a leagtar amach sa Treoir sin, níl ceanglais ann a d'áiritheodh go mbeadh cosaint ann le haghaidh sonraí pearsanta agus an phríobháideachais, mar shampla, nó go mbeadh cosaint ann ar an gcalaois.

Fearais chliste, ceamaraí cliste agus roinnt píosaí eile trealaimh nasctha raidió, amhail fóin phóca, ríomhairí glúine, dangail, córais aláraim agus córais um uathoibriú baile, is samplaí iad sin freisin de threalamh a bhíonn i mbaol a haiceála agus arbh fhéidir go mbainfeadh fadhbanna príobháideachais dó fad a bhíonn sé nasctha leis an idirlíon. Ina theannta sin, is féidir le trealamh raidió inchaite (e.g. fáinní, bandaí rosta, fáiscíní póca, gléasanna cinn, rianairí corpacmhainne, etc.) faireachán a dhéanamh ar chuid de shonraí íogaire an úsáideora (e.g. suíomh, teocht, brú fola, ráta croí) agus iad a chlárú thar thréimhse ama, sin agus iad a atarchur ní hamháin tríd an idirlíon, ach trí theicneolaíochtaí cumarsáide gearr-raoin neamhshlán freisin. Leis an Treoir maidir le Trealamh Raidió 2014/53/AE[5] bunaítear creat rialála maidir le trealamh raidió a chur ar an Margadh Aonair. Is é an t-ábhar lena mbaineann an creat sin coinníollacha éigeantacha maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh trealamh raidió. Trealamh leictreach agus leictreonach darb acmhainn an speictream raidió a úsáid chun críoch cumarsáide agus/nó chun críoch rad-aimsithe, sin é an trealamh a chumhdaítear faoin Treoir maidir le Trealamh Raidió. Déanfaidh na Ballstáit (MS) bearta ceartaitheacha maidir le trealamh raidió neamhchomhlíontach trína gcuid údarás náisiúnta um fhaireachas margaidh.

Le hAirteagal 3 den Treoir maidir le Trealamh Raidió leagtar amach na buncheanglais a chomhlíonfaidh trealamh raidió a chuirtear ar mhargadh an Aontais, le hAirteagal 3(1)(a) leagtar buncheanglais sláinte agus sábháilteachta amach, le Airteagal 3(1)(b) leagtar buncheanglais amach maidir leis an gcomhoiriúnacht leictreamaighnéadach, agus le hAirteagal 3(2) leagtar buncheanglais amach maidir le húsáid éifeachtach agus éifeachtúil an speictrim raidió. Ina theannta sin, in Airteagal 3(3) déantar foráil maidir le buncheanglais bhreise, ceanglais a mbeadh feidhm acu maidir leis na catagóirí nó na haicmí sin de threalamh raidió a shonrófaí i ngníomh nó i ngníomhartha tarmligthe gaolmhara ón gCoimisiún.

Leis an Treoir maidir le Trealamh Raidió tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena dtabharfaí feidhm d'aon cheann de na buncheanglais a leagtar amach in Airteagal 3(3) den Treoir sin, trína shonrú cé acu catagóirí nó aicmí de threalamh

[4] http://www.beuc.eu/publications/beuc-x-2018-017_cybersecurity_for_connected_products.pdf

[5] Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE, *IO L 153, 22.5.2014, lch. 62–106*

raidió a mbeidh feidhm ag na ceanglais sin maidir leo. Pointí atá ábhartha maidir leis an tionscnamh seo is ea na trí phointe sa dara fomhír d'Airteagal 3(3):

- 3(3)(d), cosaint an ghréasáin a áirithiú;
- 3(3)(e), a áirithiú go mbeidh coimircí ann le haghaidh cosaint sonraí pearsanta agus chosaint an phríobháideachais,
- 3(3)(f), cosaint ar an gcalaois a áirithiú.

Mar sin sin féin, an aidhm atá ann, ní hé cumadh rialacha breise nó forluiteacha a chuirfí leis an reachtaíocht reatha é, ach a áirithiú go ndéanfar, i gcás inarb infheidhme, na prionsabail atá ann cheana a iompú ina gceanglas sonrach maidir le monarú earraí atá le cur ar mhargadh an Aontais, ceanglais lena mbainfeadh méid áirithe forfheidhmithe nó infhíoraitheachta. Tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh comhlántacht ann leis an gcreat AE atá ann cheana. I ndáil leis sin, trealamh, táirgí nó comhpháirteanna raidió a bhfuil feidhm ag Rialacháin (AE) 2019/2144[6] agus (AE) 2018/1139[7] nó ag Treoir (AE) 2019/520[8] maidir leo, níor cheart iad a theacht faoi réim na gcatagóirí nó na n-aicmí de threalamh raidió ar cheart dóibh na buncheanglais a leagtar amach in Airteagal 3(3), pointí (e) agus (f) de Threoir 2014/53/AE a chomhlíonadh.

Maidir le cosaint sonraí, reachtaíocht an Aontais maidir le sonraí pearsanta agus cosaint an phríobháideachais, amhail Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] agus Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], leis an reachtaíocht sin rialaítear próiseáil sonraí pearsanta agus cosaint an phríobháideachais, ach ní rialaítear trealamh raidió a chur ar mhargadh an Aontais.

---

[6] Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

[7] Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

[8] Treoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain dolaí a íoc san Aontas, OJ L 91, 29.3.2019, lch. 45.

[9] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lch. 1

[10] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus le cosaint an phríobháideachais in earnáil na cumarsáide leictreonaí (An Treoir maidir leis an bpríobháideachas agus leis an gcumarsáid leictreonach) IO L 201, 31.7.2002, lch. 37.

Is é príomhchuspóir an tionscnaimh seo rannchuidiú leis an 'éiceachóras muiníne' a neartú, éiceachóras a eascraíonn as na sineirgí idir gach píosa gaolmhar de dhlí an Aontais a bhaineann le cosaint líonra, cosaint an phríobháideachais agus cosaint ar an gcalaois, reachtaíocht a dtugtar tuairisc níos mionsonraithe orthu sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis seo. Mar sin, leis tionscnamh seo níor cheart cead isteach ar mhargadh an Aontais a thabhairt ach do threalamh raidió atá slán a dhóthain. Agus na cuspóirí ginearálta á gcur san áireamh, tá sé i gceist leis an tionscnamh an urraim do chearta bunúsacha áirithe (e.g. an príobháideachas) a neartú agus tacú leis na cuspóirí beartais a leagtar síos i bpíosaí eile de dhlí an Aontais nach gceadaíonn forfheidhmiú i leith an mhargaidh. Ina theannta sin, tá gá le beart tráthúil freisin i bhfianaise mhéid na rioscaí agus de bharr gur rud í an infheidhmeacht phras a mbíonn bíonn tionchar dearfach aici ar na cuspóirí beartais atá ag an Aontas cheana. An fhéidearthacht cumhachtuithe a úsáid a tugadh don Choimisiún cheana, is rud é a fhágfaidh go mbeifear in ann gníomhú i ndáil leis an gcreat atá ann cheana gan gá a bheith ann le reachtaíocht shonrach bhreise. Chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le táirgí a bhfuil gnéithe slándála in easnamh orthu, cuspóir sonrach is ea uirlis forfheidhmiúcháin a sholáthar d'údaráis um fhaireachas margaidh ionas gur féidir leo gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh. Cuspóir eile is ea é a áirithiú go mbeidh margadh aonair ann de na táirgí lena mbaineann, margadh nach mbeidh laincis air de bharr rialacháin áitiúla nó náisiúnta éagsúla a chuireann leis an ualach riaracháin atá ar chuideachtaí beaga go háirithe. Cuspóir deiridh is ea cothrom na Féinne a chur ar bun trí rialacha soiléire comhréireacha, rialacha a chuirfear i bhfeidhm go héifeachtach agus go haonfhoirmeach ar fud an Aontais.

An gá atá le rialacha an Mhargaidh Inmheánaigh, coimircí i leith táirgí agus seirbhísí neamhshlána san áireamh, is rud é a leagtar béim air sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 16 Nollaig 2020 maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais le haghaidh na Deacáide Digití[11].

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Sa straitéis chomhairliúcháin maidir leis an tionscnamh seo, cuireadh gach gné ghaolmhar fhéideartha san áireamh, rud lena n-áirítear gach gné ó thaobh an tionchair ar an bpobal (e.g. tomhaltóirí agus oibreoirí eacnamaíocha), na nÚdarás Náisiúnta, agus na gcoinníollacha maidir le rochtain ar an margadh coiteann de, sin agus ó thaobh chur i bhfeidhm píosaí breise de reachtaíocht an Aontais, agus ó thaobh sineirgí leis na píosaí breise reachtaíochta sin de. Baineadh úsáid as an aiseolas a thug páirtithe leasmhara chomh maith leis an bhfianaise a fuarthas trí fhoinsí taighde eile (e.g. taighde deisce).

Is iad na páirtithe leasmhara ábhartha a bhí i gceist: údaráis phoiblí atá i gceannas ar phróiseáil sonraí, ar an gcalaois agus/nó ar threalamh raidió, comhlachais d'oibreoirí eacnamaíocha, oibreoirí eacnamaíocha aonair, eagraíochtaí tomhaltóirí, saoránaigh, institiúidí acadúla/taighde agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ábhartha, comhlachtaí dár tugadh fógra, eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú.

[11] JOIN/2020/18 final

Rinneadh na gníomhaíochtaí comhairliúcháin sonracha seo a leanas:

- Bhí gach páirtí leasmhar in ann aiseolas a thabhairt ar an measúnú ar thionchar tionscanta thar thréimhse ceithre seachtaine[12];
- Seoladh comhairliúchán poiblí 12 seachtaine ar Thairseach an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr[13];
- Comhairliúchán spriocdhírithe agus é dírithe go sonrach ar na Ballstáit, ar oibreoirí eacnamaíocha (comhlachais nó oibreoirí aonair), eagraíochtaí tomhaltóirí, comhlachtaí measúnaithe comhlíontachta, tomhaltóirí nó saineolaithe eile.

Iarradh ar pháirtithe leasmhara freisin páirt a ghlacadh sa suirbhé spriocdhírithe, lena n-áirítear iad siúd a ghlac páirt i gcruinniú an tSainghrúpa um Threalamh Raidió. Thograigh 56 díobh sin freagra a thabhairt tríd an gceistneoir a chomhlánú. Bhí freagróirí ó 20 tír ina measc, agus ar na tíortha sin bhí 14 Bhallstát den Aontas. Is ón mBeilg a tháinig an líon is mó freagraí (14), agus beagnach gach ceann acu, ba chomhlachtaí iad a dhéanann ionadaíocht ar mhonaróirí nó ar thomhaltóirí. Ar an dara tír is mó a bhfuarthas freagraí uaithi bhí an Ghearmáin – bhí 11 fhreagróir ann arb as an tír sin iad, agus ba mhonaróirí a bhformhór. As na tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, is ó na Stáit Aontaithe is mó a fuarthas freagraí agus cúig fhreagróir ann arb as an tír sin iad, freagróirí a raibh meascán de mhonaróirí agus de chomhlachtaí tionscail ina measc. Bhí cothromaíocht ann maidir le méid na n-eagraíochtaí a thug freagra. Ba mhonaróirí nó údaráis riaracháin phoiblí náisiúnta iad na heagraíochtaí móra ar fad, cé is moite de dhá chomhlacht measúnaithe comhlíontachta agus ollscoil amháin. Is comhlachais tionscail nó comhlachais tomhaltóirí a bhí in go leor de na micrea-eagraíochtaí. Is meascán de gach cineál eagraíochta a bhí sna heagraíochtaí beaga agus meánmhéide.

42 fhreagróir san iomlán a líon an comhairliúchán poiblí oscailte isteach, comhairliúchán ina raibh ceisteanna oscailte agus ceisteanna dúnta. Seo a leanas an phróifíl maidir leis na tíortha arb as do na freagróirí:

- Ba as Ballstáit den Aontas 42 fhreagróir, agus 14 Bhallstát éagsúla a bhí i gceist.
- Is ón nGearmáin a tháinig an líon is mó freagraí (8), agus ba shaoránaigh seacht bhfreagróir díobh.
- Ba as an mBeilg sé cinn de na freagróirí, agus ba chomhlachtaí ionadaíocha ar leibhéal an Aontais gach ceann acu (cúig chomhlachas gnó agus comhlachas tomhaltóirí amháin).
- Ba as an Spáinn sé cinn acu – ceathrar acu sin b'údaráis phoiblí iad, agus bhí péire acu ar cuideachtaí a bhí iontu.
- Ní raibh aon fhreagróir ann atá lonnaithe lasmuigh den Aontas.

Seo a leanas an phróifíl maidir le cineáil na bhfreagróirí:

---

12 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/2018-Smartwatches-and-connected-toys

13 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/2018-Smartwatches-and-connected-toys/public-consultation

- As an 42 fhreagróir, ba shaoránaigh iad beagán níos mó ná a leath (22).
- Saoránaigh as 10 mBallstát den Aontas a bhí ann.
- As na sé údarás poiblí, ba as an Spáinn ceithre cinn díobh, bhí údarás as an Eastóin ann, agus bhí ceann as Éirinn ann.
- As na seacht gcomhlachas gnó, cúig cinn acu ba chomhlachtaí ar leibhéal an Aontais iad atá lonnaithe sa Bheilg.
- Ba as cúig thír éagsúla na sé ghnólacht. Trí mhicreachuideachta, dhá chuideachta bheaga agus cuideachta mór amháin a bhí ann.
- Maidir leis an gcomhlachas tomhaltóirí, is eagraíocht tomhaltóirí atá lonnaithe sa Bheilg a bhí ann.

Chuathas i gcomhairle leis an Sainghrúpa um Threalamh Raidió (E03587) maidir le réamhdhoiciméid ina dtugtar aghaidh ar phríomhphointí an ghnímh tharmligthe (raon feidhme, Airteagail infheidhme, eisceachtaí, dáta na hinfheidhmeachta) an 18 Meán Fómhair 2020 agus an 17 Samhain 2020. Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa céanna maidir leis an dréachtghníomh an 24 Feabhra 2021. Rannpháirteach sa Sainghrúpa um Threalamh Raidió tá údaráis Bhallstáit an Aontais agus tíortha comhlachaithe, comhlachais tomhaltóirí, comhlachais d’oibreoirí eacnamaíocha a bhíonn ag déileáil leis an Treoir maidir le Trealamh Raidió, agus eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú. Na barúlacha a fuarthas, tá siad ar fáil go poiblí in CIRCABC[14], áit a ndéantar achoimre ar an bplé gaolmhar sna miontuairiscí ar na cruinnithe.

Ar chúiseanna éagsúla, tugadh droim láimhe le roinnt roghanna beartais go luath sa phróiseas, nó le linn fhorbairt an tionscnaimh seo, mar a leanas:

- Rogha bheartais fhéideartha eile a rabhthas ag smaoineamh air go luath sa phróiseas is ea píosa reachtaíochta cothrománach maidir leis an gcibearshlándáil a thabhairt isteach. Ba é moladh roinnt monaróirí aonair agus a gcuid comhlachas tionscail gurb in é an rogha bheartais ab fhearr – dar leo gur rogha í lena seachnófaí ilroinnt na dtorthaí, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta. Mar sin féin, sa phlé a rinneadh sa Sainghrúpa um Threalamh Raidió, cuireadh in iúl, mar shampla, nár dhócha gur rogha í sin a bheadh chomh tráthúil le gníomh tarmligthe amháin nó níos faoin Treoir maidir le Trealamh Raidió, i bhfianaise na n-achar ama reachtach a bhíonn ag teastáil le haghaidh nós imeachta comhchinnteoireachta.
- An tráth ar foilsíodh an Measúnú ar Thionchar Tionscanta, bhí an Gníomh um Chibearshlándáil gan glacadh go fóill, rud a d’fhág nárbh fhéidir aon rogha a bhunú ar an bpíosa reachtaíochta sin. Ina theannta sin, bunú scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála faoin ngníomh, ní rud é lena gcruthaítear aon oibleagáid dhlíthiúil maidir le táirgí a chur ar an margadh. Mar sin, is gníomhaíocht dheonach atá i ndeimhniú cibearshlándála go fóill, agus is faoi scáth na gcineálacha cur chuige tionsclaíocha deonacha a tugadh aghaidh air i gcomhthéacs na roghanna beartais.

14 https://circabc.europa.eu/ui/group/43315f45-aaa7-44dc-9405-a86f639003fe/library/f6e8f574-6864-4350-94bb-1719fe29a6c0?p=1&n=10&sort=modified_DESC

Ar deireadh, ag céim níos déanaí, i.e. tar éis fhoilsiú an Mheasúnaithe ar Thionchar Tionscanta, mhol roinnt Ballstát Airteagal 3(3)(d) a ghlacadh i gcomhar le hAirteagal 3(3)(e) agus 3(3)(f) agus iad ag tabhairt dá n-aire na sineirgí a bheadh idir na trí airteagal ach iad a ghlacadh in éineacht. Ós rud é gur mheas na Ballstáit agus na comhlachais tomhaltóirí gur rud é glacadh Airteagal 3(3)(d) lena ndéanfaí rogha 4 a chomhlánú, níor breithníodh rogha aonair le haghaidh Airteagal 3(3)(d).

Ina theannta sin, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí cibearshlándála a ghabhann le gach táirge nasctha agus gach seirbhís ghaolmhar ar feadh a saolré, i dTeachtaireacht Chomhpháirteach Nollaig 2020 dar teideal *The EU's Cybersecurity Strategy for the Digital Decade* [Straitéis Chibearshlándála an Aontais le haghaidh na Deacáide Digití][15], d'fhógair an Coimisiún go mbreithneoidh sé cur chuige níos cuimsithí, cur chuige lena n-áirítear rialacha cothrománacha féideartha nua chun cur le cibearshlándáil gach táirge nasctha agus gach seirbhíse gaolmhaire a chuirtear ar an Margadh Inmheánach.

## 3. COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ MAIDIR LEIS AN DRÉACHTGHNÍOMH

Tar éis an dréachtghníomh a phlé leis an Sainghrúpa um Threalamh Raidió, seoladh comhairliúchán poiblí foirmiúil 4 seachtaine[16]. Is comhairliúchán é a bhí oscailte do gach saoránach agus gach páirtí leasmhar, gan aon srian.

26 aighneacht a fuarthas sa deireadh. Seo a leanas an phróifíl maidir leis na tíortha arb as do na freagróirí:

- Is ón mBeilg a tháinig an líon freagraí ba mhó (18).
- Níor seoladh ach aighneacht amháin ó lasmuigh den Aontas Eorpach (an Eilvéis).
- Is ón Ísiltír (4), ón bPolainn (1), ón nGearmáin (1) agus ón bhFrainc (1) a tháinig an chuid eile de na freagraí.

Seo a leanas an phróifíl maidir le cineáil na bhfreagróirí:

- Is ón tionscal a tháinig formhór na n-aighneachtaí (17).
- Fuarthas trí fhreagra ó thomhaltóirí agus ó chomhlachais neamhrialtasacha.
- Ceathrar saoránach a sheol aiseolas.
- Fuarthas dhá aighneacht ó na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar na haighneachtaí sin, thángthas ar an gconclúid nach gá an dréachtghníomh a mhodhnú, ar na cúiseanna a mhínítear thíos:

- Bhí roinnt aighneachtaí ann inar díríodh go sonrach ar bhearta teicniúla chun bagairtí cibearshlándála a mhaolú. Mar sin féin, ní bearta teicniúla a leagtar amach sa ghníomh seo, ach buncheanglais amháin. Na tuairimí a cuireadh in iúl sna haighneachtaí a fuarthas maidir leis na hábhair theicniúla sin, cuirfear san áireamh iad agus na caighdeáin chomhchuibhithe tacaíochta á bhforbairt.

---

[15] JOIN/2020/18 final

[16] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/2018-Internet-connected-radio-equipment-and-wearable-radio-equipment_en

- Chuir roinnt páirtithe leasmhara in iúl an imní atá orthu go ndéanfar dúbláil ar oibleagáidí atá i bpíosaí eile de reachtaíocht an Aontais. Is éard a rialaítear leis an dréachtghníomh seo an trealamh atá faoi raon feidhme an ghnímh a chur ar an margadh, eilimint nach rialaítear leis an gcuid eile de chreat dlíthiúil an Aontais Ina theannta sin, ní rud é atá beartaithe a dhéanamh leis an ngníomh próisis ná seirbhísí ar bith a rialáil, sin ná saincheisteanna iarmhargaidh ar bith nach gcumhdaítear faoin Treoir um Threalamh Raidió.
- Chuir comhlachas tionscail amháin in iúl go gceapann siad go gcuireann an gníomh constaicí roimh FBManna. Mar a léirítear sa mheasúnú tionchair, cuirfear na réitigh theicniúla ar fáil leis na na caighdeáin chomhchuibhithe atá le teacht. Is caighdeáin iad sin a rannchuideoidh FBManna lena bhforbairt.
- Fuarthas roinnt barúlacha maidir le léirmhíniú na gcatagóirí trealaimh a mbeidh feidhm ag na buncheanglais maidir leo. Rinneadh plé fada sa sainghrúpa ábhartha ar an sainmhíniú atá ar 'feiste atá nasctha leis an idirlíon'. An raon feidhme a theorannú ó thaobh na húsáide atá beartaithe seachas ó thaobh cumas teicniúil, sin rud a d'fhágfadh go mbeadh roinnt mhaith trealaimh ann nach gcumhdófaí faoin ngníomh. Ó thaobh na teicneolaíochta de, d'fhéadfaí cumarsáid a dhéanamh thar an idirlíon agus d'fhéadfadh haiceálaithe leas a bhaint as na leochaileachtaí sin. Ina theannta sin, tá an coincheap 'líonra' soiléir agus is coincheap é ina gcuimsítear an t-idirlíon.
- Bhí imní ar roinnt comhlachas tionscal faoi phrionsabal na neodrachta teicneolaíche, ós rud é nach gcumhdaítear trealamh sreangaithe faoin ngníomh. Deimhnítear sa mheasúnú tionchair go bhfuil riosca níos airde ag baint leis na gléasanna gan sreang ó thaobh na cibearshlándála de agus, dá bhrí sin, gur cheart bearta beartais sonracha a chur chun feidhme le haghaidh an trealaimh raidió sin.
- Thug comhlachas tionscail le fios nach gcumhdaítear faoin ngníomh an trealamh ar fad a úsáideann leanaí. I ndáil leis sin, cosaint leanaí ó thaobh an phríobháideachais de, is rud í a áirithítear trí na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar mhonaróirí feistí atá nasctha leis an idirlíon, monaróirí bréagáin agus monaróirí trealaimh cúraim leanaí (i gcás bréagán agus trealaimh cúraim leanaí, bíonn na hoibleagáidí sin i gceist fiú mura féidir leis na nithe sin cumarsáid a dhéanamh thar an idirlíon). Trealamh raidió a úsáideann leanaí, cuimsítear é tríd is tríd sna catagóirí thuasluaite.
- Ar deireadh, bhí imní ar fhormhór na bpáirtithe leasmhara maidir leis an idirthréimhse, tréimhse a mheas siad a bheith róghearr nó rófhada. Meastar go mbaineann an idirthréimhse 30 mhí an chothromaíocht cheart amach idir dhá ghá – an gá atá le leibhéal cibearshlándála an trealaimh raidió ar mhargadh na hEorpa a fheabhsú go práinneach, agus an gá atá le tréimhse ama réasúnach a thabhairt do mhonaróirí chun a gcuid táirgí a oiriúnú.

## 4. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is éard is cuspóir don rialachán tarmligthe seo, na buncheanglais a leagtar amach in Airteagal 3(3)(d), (e) agus (f)[17] den Treoir maidir le Trealamh Raidió, ceanglais lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe den chibearshlándáil, feidhm a thabhairt do na ceanglais sin maidir leis na catagóirí de threalamh raidió lena mbaineann rioscaí cibearshlándála.

[17] (d) Cosaint an líonra, (e) cosaint na sonraí pearsanta agus (f) an príobháideachas agus cosaint ar an gcalaois.

Go sonrach, Airteagal 3(3)(d), (e) agus (f) den Treoir maidir le Trealamh Raidió, foráiltear sa rialachán tarmligthe seo go mbeidh feidhm acu i ndáil le trealamh raidió atá nasctha leis an idirlíon, trealamh a shainmhínítear in Airteagal 1, faoi réir eisiaimh áirithe a shonraítear sa ghníomh tarmligthe.

Ina theannta sin, Airteagal 3 (3)(e) den Treoir maidir le Trealamh Raidió, foráiltear sa rialachán tarmligthe go mbeidh feidhm ag an Airteagal sin i ndáil le trealamh raidió inchaite, le bréagáin ar trealamh raidió atá iontu freisin, agus le trealamh raidió le haghaidh cúram leanaí, bíodh an trealamh sin nasctha leis an idirlíon nó ná bíodh, faoi réir eisiamh áirithe a shonraítear sa ghníomh tarmligthe.

Tá an rialachán tarmligthe ag teacht leis na prionsabail a leagtar síos i bpíosaí ábhartha éagsúla de reachtaíocht an Aontais, go háirithe reachtaíocht an Aontais i réimse na cibearshlándála.

Is é dáta infheidhmeachta an rialacháin tharmligthe 30 mí tar éis a theacht i bhfeidhm, rud a fhágann nach ndéanfaidh an rialachán tarmligthe difear do threalamh raidió a chuirtear ar mhargadh an Aontais roimh an dáta infheidhmeachta sin.

Níl aon impleacht ag an rialachán tarmligthe ó thaobh bhuiséad an Aontais de.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 29.10.2021**

**lena bhforlíontar Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na mbuncheanglas dá dtagraítear in Airteagal 3(3), pointí (d), (e) agus (f) den Treoir sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE[1], agus go háirithe Airteagal 3(3), an dara fomhír, i gcomhar le hAirteagal 3(3), an chéad fhomhír, pointí (d), (e) agus (f) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cosaint an líonra nó cosaint fheidhmiú an líonra ar dhíobháil, cosaint shonraí pearsanta agus phríobháideachas an úsáideora agus an rannpháirtí, agus cosaint ar an gcalaois, is gnéithe iad sin a thacaíonn leis an gcosaint ar rioscaí cibearshlándála.

(2) Mar a luaitear in aithris 13 de Threoir 2014/53/AE, cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais úsáideoirí agus rannpháirtithe trealaimh raidió, sin agus cosaint ar an gcalaois, is cineálacha cosanta iad sin ar féidir cur leo trí bhíthin gnéithe áirithe den trealamh raidió. De réir na haithrise céanna, fágann an méid sin gur cheart, i gcásanna inarb iomchuí, trealamh raidió a dhearadh sa chaoi go dtacóidh sé leis na gnéithe siúd.

(3) Beidh ról lárnach ag 5G i bhforbairt gheilleagar digiteach agus shochaí an Aontais sna blianta atá romhainn, agus d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do mhórán gach gné de shaol shaoránaigh an Aontais. Sa doiciméad dar teideal Cybersecurity of 5G networks EU Toolbox of risk mitigating measures [Cibearshlándáil líonraí 5G – Bosca Uirlisí an Aontais de bhearta maolaithe riosca][2], sainaithnítear tacar coiteann féideartha de bhearta darb acmhainn na príomhrioscaí cibearshlándála a bhaineann le líonraí 5G a mhaolú, agus tugtar treoir maidir le roghnú beart ar cheart tús áite a thabhairt dóibh i bpleananna maolaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Chomh maith leis na bearta sin, na buncheanglais maidir le gnéithe de chosaint na cibearshlándála, ceanglais a mbíonn feidhm acu maidir le trealamh raidió 5G nuair a chuirtear ar mhargadh an Aontais é, is den ríthábhacht gur cur chuige comhchuibhithe a bheidh ann i leith na gceanglas sin.

---

[1] IO L 153, 22.5.2014, lch. 62.

[2] Cybersecurity of 5G networks - EU Toolbox of risk mitigating measures [Cibearshlándáil líonraí 5G – Bosca Uirlisí an Aontais de bhearta maolaithe riosca], 29 Eanáir 2020. https://ec.europa.eu/digital-singlemarket/en/nis-cooperation-group

(4) An leibhéal slándála is infheidhme faoi bhuncheanglais an Aontais maidir le cosaint líonraí a áirithiú, le coimircí le haghaidh cosaint sonraí pearsanta agus chosaint an phríobháideachais, agus le cosaint ar an gcalaois, ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3(3)(d), (e) agus (f), ní bhainfidh an leibhéal sin an bonn den ardleibhéal slándála a iarrtar ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh eangacha cliste díláraithe i réimse an fhuinnimh i gcás ina mbeidh na méadair chliste atá le húsáid faoi réir na gceanglas sin, agus le haghaidh trealamh líonra 5G a úsáideann soláthraithe an dá ní seo a leanas de réir bhrí Threoir (AE) 2018/1972 – líonraí poiblí cumarsáide leictreonaí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí.

(5) Ina theannta sin, cuireadh go leor ábhar imní in iúl i ndáil le méadú a bheith ag teacht ar na rioscaí cibearshlándála mar thoradh ar an méadú atá ag teacht ar an úsáid a bhaineann gairmithe agus tomhaltóirí, leanaí san áireamh, as trealamh raidió ar trealamh é: (i) darb acmhainn cumarsáid a dhéanamh tríd an idirlíon, bíodh sin ina cumarsáid dhíreach nó ina cumarsáid trí bhíthin trealamh eile ('trealamh raidió atá nasctha leis an idirlíon'), i.e. an trealamh sin atá nasctha leis an idirlíon, cuireann sé prótacail i bhfeidhm a bhfuil gá lena gcur i bhfeidhm chun cumarsáid a dhéanamh leis an idirlíon go díreach nó trí bhíthin trealamh idirmheánach; (ii) ar féidir gur bréagán a bheadh ann lena mbainfeadh feidhm raidió a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] freisin, nó ar féidir gur le haghaidh cúram leanaí agus lena aghaidh sin amháin a bheadh sé deartha nó a bheadh sé ceaptha, monatóirí linbh mar shampla; nó (iii) a dearadh nó a ceapadh, cibé acu ar chun na críche sin amháin é nó nach ea, chun go gcaithfeadh duine é ar aon bhall dá chorp (an ceann, an muineál, an chabhail, na lámha, na cosa agus troithe na gcos san áireamh) nó ar aon bhall éadaigh (ceannbhearta, lámhbhearta agus coisbhearta san áireamh), nó go ndéanfadh duine é a fháisceadh nó a chrochadh d'aon bhall dá chorp nó d'aon bhall éadaigh, trealamh raidió i bhfoirm uaireadóir láimhe, fáinne, banda rosta, gléas cinn, cluasán nó spéaclaí mar shampla ('trealamh raidió inchaite').

(6) I ndáil leis sin, aon trealamh raidió le haghaidh cúram leanaí, aon trealamh raidió a chumhdaítear faoi Threoir 2009/48/CE, nó aon trealamh raidió inchaite, trealamh darb acmhainn cumarsáid a dhéanamh tríd an idirlíon, bíodh sin ina cumarsáid dhíreach nó trí bhíthin aon trealamh eile, ba cheart a mheas gur trealamh raidió atá nasctha leis an idirlíon atá ann. Níor cheart a mheas gur trealamh raidió inchaite atá in ionphlanduithe, mar shampla, mar ní hé go gcaitear iad ar aon bhall de chorp an duine ná ar aon bhall éadaigh, agus ní dhéantar iad a fháisceadh ná a chrochadh d'aon bhall de chorp an duine ná d'aon bhall éadaigh. Mar sin féin, ba cheart a mheas gur trealamh raidió atá nasctha leis an idirlíon atá in ionphlanduithe más acmhainn dóibh cumarsáid a dhéanamh tríd an idirlíon, bíodh sin ina cumarsáid dhíreach nó trí bhíthin aon trealamh eile.

(7) I bhfianaise na n-ábhar imní a cuireadh in iúl de bharr nach ndéantar cosaint ar ghnéithe de rioscaí cibearshlándála a áirithiú le trealamh raidió, buncheanglais Threoir 2014/53/AE a bhaineann le cosaint ar dhíobháil don líonra, le cosaint sonraí pearsanta, le cosaint príobháideachais úsáideoirí agus rannpháirtithe, agus le cosaint ar an gcalaois, is gá feidhm a thabhairt do na ceanglais sin maidir le trealamh raidió i gcatagóirí nó in aicmí áirithe.

(8) Is ag táirgí atá ag teacht leis an sainmhíniú ar 'threalamh raidió' in Airteagal 2 de Threoir 2014/53/AE atá feidhm ag an Airteagal sin, faoi réir eisiaimh shonracha a

[3] Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán (IO L 170, 30.6.2009, lch. 1).

shonraítear in Airteagal 1(2) agus in Airteagal 1(3) den Treoir sin. Cé gur do threalamh darb acmhainn cumarsáid a dhéanamh trí radathonnta a thagraíonn an sainmhíniú ar threalamh raidió in Airteagal 2 de Threoir 2014/53/AE, níl aon cheanglas dá bhfuil sa Treoir sin a dhéanann idirdhealú idir feidhmeanna raidió agus feidhmeanna neamhraidió an trealaimh raidió, rud a fhágann gur chóir do gach gné agus gach cuid den trealamh na buncheanglais dá bhforáiltear sa rialachán tarmligthe seo a chomhlíonadh.

(9) Maidir le mí-úsáid acmhainní líonra agus le díobháil don líonra nó d'fheidhmiú an líonra, trealamh raidió ata nasctha leis an idirlíon agus nach n-áirithítear leis go gcosnaítear líonraí ná nach mbaintear mí-úsáid astu, is féidir gurb é an toradh a bheadh ar úsáid an trealaimh sin go mbainfeadh díghrádú neamh-inghlactha do sheirbhísí. Mar shampla, d'fhéadfadh ionsaitheoir an líonra idirlín a phlúchadh go mailíseach chun trácht dlisteanach líonra a chosc, chun cur isteach ar na naisc idir dhá tháirge raidió ionas go gcoiscfí rochtain ar sheirbhís, chun cosc a chur ar dhuine áirithe seirbhís a rochtain, chun cur isteach ar sholáthar seirbhíse do chóras áirithe nó do dhuine áirithe, nó chun cur isteach ar fhaisnéis. Dá bhrí sin, is féidir gurb é an toradh a bheadh ar dhíghrádú seirbhísí ar líne go dtarlódh cibear-ionsaithe mailíseacha, rud as a dtiocfadh costais, míchaoithiúlachtaí nó rioscaí breise ó thaobh na n-oibreoirí, na soláthraithe seirbhíse nó na n-úsáideoirí de. Dá bhrí sin, Airteagal 3(3), pointe (d) de Threoir 2014/53/AE, Airteagal lena gceanglaítear nach ndéanfaidh trealamh raidió dochar don líonra ná d'fheidhmiú an líonra, sin agus nach mbainfidh trealamh raidió mí-úsáid as acmhainní líonra, mí-úsáid as a dtiocfadh díghrádú neamh-inghlactha na seirbhísí, ba cheart feidhm a bheith ag an Airteagal sin maidir le trealamh raidió atá nasctha leis an idirlíon.

(10) Cosaint sonraí pearsanta agus an phríobháideachais i gcás úsáideoirí agus rannpháirtithe trealaimh raidió atá nasctha leis an idirlíon, sin ceist eile ar cuireadh ábhair imní in iúl ina taobh, ábhair imní atá ann mar gheall ar chumas an trealaimh raidió sin faisnéis a thaifeadadh, a stóráil agus a roinnt, idirghníomhú leis an úsáideoir, leanaí san áireamh, agus callairí, micreafóin agus braiteoirí eile mar chuid den trealamh sin. Cumas an trealaimh raidió sin grianghraif a thaifeadadh, maille le físeáin, sonraí logánaithe, sonraí a bhaineann leis an eispéireas súgartha, leis an ráta croí agus le nósanna codlata, agus sonraí pearsanta eile, is leis an gcumas sin go háirithe a bhaineann na hábhair imní sin. Mar shampla, is féidir ardsocruithe an trealaimh raidió a rochtain trí phasfhocal réamhshocraithe mura bhfuil an nasc nó na sonraí criptithe, nó mura bhfuil sásra fíordheimhniúcháin láidir i bhfeidhm.

(11) Dá bhrí sin, trealamh raidió atá nasctha leis an idirlíon, trealamh a chuirtear ar mhargadh an Aontais, tá sé tábhachtach coimircí a ionchorprú sa trealamh sin chun a áirithiú go gcosnófar sonraí pearsanta agus an príobháideachas i gcas inarb acmhainn don trealamh céanna sonraí pearsanta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679[4] a phróiseáil, sin nó sonraí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (b) agus (c), de Threoir 2002/58/CE[5]. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith

[4] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[5] Treoir 2002/58/CE ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Iúil 2002 maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus le cosaint an phríobháideachais in earnáil na cumarsáide leictreonaí (An Treoir maidir leis an bpríobháideachas agus leis an gcumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).

ag Airteagal 3(3), pointe (e) de Threoir 2014/53/AE i ndáil le trealamh raidió atá nasctha leis an idirlíon.

(12) Ina theannta sin, maidir le cosaint sonraí pearsanta agus cosaint an phríobháideachais, trealamh raidió le haghaidh cúram leanaí, trealamh raidió a chumhdaítear le Treoir 2009/48/CE, agus trealamh raidió inchaite, is cineálacha trealaimh iad sin a mbíonn rioscaí slándála ag baint leo fiú in éagmais nasc idirlín. Is féidir sonraí pearsanta a idircheapadh i gcás ina mbíonn radathonnta á n-astú nó á bhfáil ag an trealamh raidió sin, agus gan coimircí ann a d'áiritheodh cosaint le haghaidh sonraí pearsanta agus le haghaidh an phríobháideachais. Trealamh raidió le haghaidh cúram leanaí, trealamh raidió a chumhdaítear le Treoir 2009/48/CE, agus trealamh raidió inchaite, is trealamh é sin darb acmhainn faireachán a dhéanamh ar chuid de shonraí íogaire (pearsanta) an úsáideora agus na sonraí sin a chlárú thar thréimhse ama, sin agus iad a atarchur trí bhíthin teicneolaíochtaí cumarsáide a d'fhéadfadh a bheith neamhshlán. Trealamh raidió le haghaidh cúram leanaí, trealamh raidió a chumhdaítear le Treoir 2009/48/CE, agus trealamh raidió inchaite, is trealamh é lenar cheart cosaint a áirithiú le haghaidh sonraí pearsanta agus le haghaidh an phríobháideachais i gcás inarb acmhainn don trealamh sin próiseáil a dhéanamh, de réir bhrí Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2016/679, i leith sonraí pearsanta, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679, nó i leith sonraí tráchta agus sonraí suímh, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (b) agus (c), de Threoir 2002/58/CE. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag Airteagal 3(3), pointe (e) de Threoir 2014/53/AE i ndáil leis an trealamh raidió sin.

(13) Maidir leis an gcalaois, is féidir faisnéis, sonraí pearsanta san áireamh, a ghoid ó threalamh raidió atá nasctha leis an idirlíon nach trealamh é lena n-áirithítear cosaint ar an gcalaois. Nuair a úsáidtear trealamh raidió atá nasctha leis an idirlíon chun íocaíochtaí a dhéanamh ar an idirlíon, bíonn an trealamh sin i mbaol cineálacha sonracha calaoise. Tharlódh gur ghá íoc go daor as an gcalaois sin, agus ní ar an íospartach amháin a bhíonn na costais, ach ar an bpobal trí chéile (an costas a bhaineann le himscrúdú na bpóilíní, le seirbhísí d'íospartaigh, agus le trialacha chun freagrachtaí a shuí, mar shampla). Is gá, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeidh idirbhearta iontaofa ann an riosca a íoslaghdú go gcaillfí airgead ar úsáideoirí trealaimh raidió atá nasctha leis an idirlíon, go gcaillfí airgead orthu agus iad i mbun na híocaíochta tríd an trealamh sin, sin agus an riosca go gcaillfí airgead ar fhaighteoir na híocaíochta a dhéantar tríd an trealamh raidió sin.

(14) Trealamh raidió atá nasctha leis an idirlíon agus a chuirtear ar mhargadh an Aontais, ba cheart don trealamh sin tacú le gnéithe chun a áirithiú go mbeidh cosaint ar an gcalaois ann i gcás ina gcuirfidh an trealamh céanna ar chumas an tsealbhóra nó an úsáideora airgead, luach airgeadúil nó airgeadra fíorúil a aistriú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (d) de Threoir (AE) 2019/713 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag Airteagal 3(3), pointe (f) de Threoir 2014/53/AE i ndáil leis an trealamh raidió sin.

---

[6] Treoir (AE) 2019/713 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le calaois agus góchumadh modhanna íocaíochta neamhairgid a chomhrac agus lena

n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/413/CGB ón gComhairle (IO L 123, 10.5.2019, lch. 18)

(15) Le Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], leagtar rialacha síos maidir le feistí leighis, agus le Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] leagtar rialacha síos maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro. Rialachán (AE) 2017/745 agus Rialachán (AE) 2017/746 araon, is Rialacháin iad lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe áirithe de rioscaí cibearshlándála, is é sin gnéithe a bhaineann leis na rioscaí a dtugtar aghaidh orthu in Airteagal 3(3), pointí (d), (e) agus (f), de Threoir 2014/53/AE. Dá bhrí sin, trealamh raidió a bhfuil feidhm ag aon cheann de na Rialacháin sin maidir leis, níor cheart é a theacht faoi réim na gcatagóirí nó na n-aicmí de threalamh raidió ar cheart dóibh na buncheanglais a leagtar amach in Airteagal 3(3), pointí (e) agus (f) de Threoir 2014/53/AE a chomhlíonadh.

(16) Le Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], bunaítear ceanglais maidir le cineálcheadú feithiclí, a gcuid gcóras agus a gcuid gcomhpháirteanna. Ina theannta sin, Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], is éard is príomhchuspóir don rialachán sin ardleibhéal aonfhoirmeach sábháilteachta eitlíochta a bhunú agus a choimeád san Aontas. Thairis sin arís, Treoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], is Treoir í sin lena leagtar na coinníollacha síos maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair agus le héascú malartaithe trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain dolaí a íoc san Aontas. Rialacháin (AE) 2019/2144 agus (AE) 2018/1139 maille le Treoir (AE) 2019/520, is nithe iad sin lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe de rioscaí cibearshlándála, is é sin gnéithe a bhaineann leis na rioscaí a leagtar amach in Airteagal 3(3), pointí (d), (e) agus (f), de Threoir 2014/53/AE. Trealamh raidió a bhfuil feidhm ag Rialacháin (AE) 2019/2144 agus (AE) 2018/1139 nó ag Treoir (AE) 2019/520 maidir leo, níor cheart iad a theacht faoi réim na gcatagóirí nó na n-aicmí de threalamh raidió ar cheart dóibh na buncheanglais a leagtar amach in Airteagal 3(3), pointí (e) agus (f) de Threoir 2014/53/AE a chomhlíonadh.

---

[7] Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

[8] Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

[9] Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais chineálcheadaithe do mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh le haghaidh feithiclí den sórt sin, a mhéid a bhaineann lena sábháilteacht ghinearálta agus cosaint na ndaoine atá i bhfeithiclí agus úsáideoirí soghonta bóthair, lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 78/2009, (CE) Uimh. 79/2009 agus (CE) Uimh. 661/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 631/2009, (AE) Uimh. 406/2010, (AE) Uimh. 672/2010, (AE) Uimh. 1003/2010, (AE) Uimh. 1005/2010, (AE) Uimh. 1008/2010, (AE) Uimh. 1009/2010, (AE) Uimh. 19/2011, (AE) Uimh. 109/2011, (AE) Uimh. 458/2011, (AE) Uimh. 65/2012, (AE) Uimh. 130/2012, (AE) Uimh. 347/2012, (AE) Uimh. 351/2012, (AE) Uimh. 1230/2012 agus (AE) 2015/166 ón gCoimisiún (IO L 325, 16.12.2019, lch. 1).

[10] Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

[11] Treoir (AE) 2019/520 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le hidir-inoibritheacht na gcóras leictreonach dolaí bóthair agus lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi mhainneachtain dolaí a íoc san Aontas (IO L 91, 29.3.2019, lch. 1)

(17) In Airteagal 3 de Threoir 2014/53/AE déantar foráil maidir le buncheanglais a chomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha. Chun measúnú comhréireachta leis na ceanglais sin a éascú, déantar foráil ann maidir le glacadh leis go bhfuil comhréireacht ann i gcás trealamh raidió a chomhlíonann caighdeáin chomhchuibhithe dheonacha, caighdeáin a ghlactar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12], agus ar chun sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe na gceanglas sin a chur in iúl a ghlactar iad. Leibhéal na rioscaí a fhreagraíonn don úsáid atá beartaithe le haghaidh gach catagóire nó gach aicme de threalamh raidió lena mbaineann an Rialachán seo, leis na sonraíochtaí déanfar an leibhéal sin a bhreithniú agus tabharfar aghaidh air.

(18) Ba cheart a ndóthain ama a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha chun iad féin a oiriúnú do cheanglais an Rialacháin seo. Ba cheart, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar, Oibreoirí eacnamaíocha an Rialachán a chomhlíonadh ó dháta a theacht i bhfeidhm amach, sin rud nach gcoiscfidh an Rialachán seo.

(19) Rinne an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí le linn na hoibre ullmhúcháin maidir leis na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo, agus chuaigh sé i gcomhairle leis an Sainghrúpa um Threalamh Raidió,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. An buncheanglas a leagtar amach in Airteagal 3(3), pointe (d) de Threoir 2014/53/AE, beidh feidhm aige maidir le haon trealamh raidió darb acmhainn cumarsáid a dhéanamh tríd an idirlíon, bíodh sin ina cumarsáid dhíreach nó trí bhíthin aon trealamh eile ('trealamh raidió atá nasctha leis an idirlíon').

2. An buncheanglas a leagtar amach in Airteagal 3(3), pointe (e) de Threoir 2014/53/AE, beidh feidhm aige maidir le haon chineál trealaimh raidió díobh seo a leanas, i gcás inarb acmhainn don trealamh sin próiseáil a dhéanamh, de réir bhrí Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2016/679, i leith sonraí pearsanta, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679, nó i leith sonraí tráchta agus sonraí suímh, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (b) agus (c), de Threoir 2002/58/CE:

(a) trealamh raidió atá nasctha leis an idirlíon, cé is moite don trealamh dá dtagraítear i bpointí (b), (c) nó (d);

(b) trealamh raidió ar le haghaidh cúram leanaí agus lena aghaidh sin amháin a dearadh é nó a ceapadh é;

(c) trealamh raidió a chumhdaítear faoi Threoir 2009/48/CE;

(d) trealamh raidió a dearadh nó a ceapadh, cibé acu ar chun na críche sin amháin é nó nach ea, chun go ndéanfaí é a chaitheamh ar aon cheann de na nithe seo a leanas, nó é a fháisceadh nó a chrochadh d'aon cheann de na nithe sin:

[12] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

(i) aon bhall de chorp an duine, an ceann, an muineál, an chabhail, na lámha, na cosa agus troithe na gcos san áireamh;

(ii) aon bhall éadaigh a chaitheann an duine, ceannbhearta, lámhbhearta agus coisbhearta san áireamh;

3. An buncheanglas a leagtar amach in Airteagal 3(3), pointe (f) de Threoir 2014/53/AE, beidh feidhm aige maidir le haon trealamh raidió atá nasctha leis an idirlíon i gcás ina gcuirfidh an trealamh sin ar chumas an tsealbhóra nó an úsáideora airgead, luach airgeadúil nó airgeadra fíorúil a aistriú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (d) de Threoir (AE) 2019/713.

*Airteagal 2*

1. De mhaolú ar Airteagal 1, na buncheanglais a leagtar amach in Airteagal 3(3), pointí (d), (e) agus (f) de Threoir 2014/53/AE, ní bheidh feidhm acu maidir le trealamh raidió a bhfuil feidhm ag ceachtar de na píosaí reachtaíochta seo a leanas de chuid an Aontais maidir leo:

(a) Rialachán (AE) 2017/745;

(b) Rialachán (AE) 2017/746;

2. De mhaolú ar Airteagal 1(2) agus Airteagal 1(3), na buncheanglais a leagtar amach in Airteagal 3(3), pointí (e) agus (f) de Threoir 2014/53/AE, ní bheidh feidhm acu maidir le trealamh raidió a bhfuil feidhm ag aon cheann de na píosaí reachtaíochta seo a leanas de chuid an Aontais maidir leo:

(a) Rialachán (AE) 2018/1139;

(b) Rialachán (AE) 2019/2144;

(c) Treoir (AE) 2019/520;

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón …[*Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 30 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29.10.2021

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*